# SCÉIM TEANGA
# CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
# 2019~2022



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SCÉIM TEANGA CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2019 - 2022

***Clár*** ***Lth***


***Contae na Gaillimhe: Brollach agus Léargas*** 2

***Cuid 1: An Scéim Teanga 2019-2022***

1.1. Réiteach na Scéime Teanga 4
1.2. Ábhar agus Cuspóirí na Scéime Teanga 4
1.3. Dáta tosaigh na Scéime Teanga 6
1.4. Comhthéacs agus Paraiméadair na Scéime 6

***Cuid 2: Seirbhísí Ginearálta /Gníomhaíochtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe***

2.1. Léargas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe 7
2.2. Príomhghníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil 8
2.3. Struchtúr na Comhairle 9
2.4. Custaiméirí agus Cliaint 10
2.5. Measúnú ar Sheirbhísí Reatha trí Ghaeilge 10

***Cuid 3: Bearta na Scéime***


3.1. Bróisiúir & Bileoga Eolais 11
3.2. Cumarsáid Scríofa 11
3.3. Foirmeacha Iarratais 12
3.4. Preaseisiúintí/Ráitis 12
3.5. Foilseacháin 13
3.6. Láithreán Gréasáin & Seirbhísí Ar Líne 13
3.7. Cumarsáid Teileafóin 14
3.8. Seirbhísí Cuntair 15
3.9. Cruinnithe Poiblí/Cruinnithe leis an bPobal 16
3.10. Comhairliúchán 17
3.11. Íomhá Chorparáideach & Comharthaí 17
3.12. Polasaithe agus Tionscnaimh Nua 18
3.13. Seirbhísí a thugtar i gcríche thar ceann na Comhairle 19
3.14. An Ghaeltacht 19

***Cuid 4: Feidhmiú & Monatóireacht***

4.1 Freagracht & Riarachán 22
4.2 Oiliúint 22
4.3 An Fhoireann & Earcú 23
4.4 Monatóireacht & Athbhreithniú 24

***Cuid 5: Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe*** 25

***Contae na Gaillimhe:***
***Brollach agus Léargas***




Is é Contae na Gaillimhe an dara Contae is mó in Éirinn taobh amuigh de Chorcaigh, le hachar de 6,149 ciliméadar cearnach agus le cósta casta de bheagnach 2,000 ciliméadar. Tá áilleacht ar leith agus oidhreacht chultúrtha shaibhir ag baint leis an gContae. Go deimhin tá féiniúlacht chultúrtha uathúil agus speisialta ag baint leis an gContae tríd is tríd de bharr na Gaeilge agus an chultúir agus an tírdhreacha fhisiciúil.

De réir figiúirí ó Dhaonáireamh 2016, an POS Tháinig ardú de 2.4% ar dhaonra an Chontae idir 2011 agus 2016 agus seasann sé ag 179,390 faoi láthair (gan Cathair na Gaillimhe san áireamh). Léirigh 49% de na daoine sin go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, rud a fhágann gur i gContae na Gaillimhe atá an céatadán is airde cainteoirí Gaeilge i measc na gcontaetha riaracháin i leith gach duine den daonra atá 3 bliana d'aois agus os a chionn. Limistéar tuaithe go formhór atá i gceist leis an gContae. Is carachtar tuaithe go príomha atá ag baint leis an gContae. Tá an tarraingt atá ag Cathair na Gaillimhe ar dhaonra ag cothú méadú éilimh ar infreastruchtúr agus seirbhísí, fad agus atá an ceantar tuaithe ag dul i ngleic le meathlú agus titim daonra nó bánú na tuaithe. De réir shonraí an daonáirimh, gné shuntasach de chuid an daonra tuaithe i gContae na Gaillimhe is ea é an laghdú ar an líon daoine óga sa Chontae agus cion níos airde daoine scothaosta, agus easpa deiseanna oideachais agus oibre is cúis leis sin go príomha.

Is i gCo. na Gaillimhe ina iomláine (le Cathair na Gaillimhe san áireamh) atá an daonra is mó Gaeltachta in Éirinn le beagnach 49.7% (49,524 duine) den daonra Gaeltachta náisiúnta le fáil inti. Tá 15,774 de na daoine seo laistigh de na ceantair Ghaeltachta i gCathair na Gaillimhe. Tá an chuid eile, 33,750 duine i gceantair Ghaeltachta i gContae na Gaillimhe, leis an sciar is mó de chainteoirí laethúla Gaeilge ag 29% (Daonáireamh 2016). , Is í an Ghaeilge gnáththeanga laethúil an Phobail i bpobail ó Na Forbacha go Carna, Oileáin Árann san áireamh, leis an gcuid is mó den daonrade chuid de na pobail seo ag úsáid na teanga mar a ngnáththeanga laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.

Tá 40 bunscoil agus 10 scoil iar-bhunoideachais ann sa Chontae ina soláthraítear curaclam trí mheán na Gaeilge amháin. Tá 4 bhunscoil agus 1 scoil iar-bhunoideachais ann ina soláthraítear cuid den churaclam trí mheán na Gaeilge (Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna). Is i gContae na Gaillimhe atá ceanncheathrú na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Oifig an Choimisinéara Teanga agus príomhoifigí RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4. Tá an iliomad eagraíochtaí Gaeilge ag obair go héifeachtach ar fud an chontae.

# Cuid 1: An Scéim Teanga 2019-2022

## *1.1 Réiteach na Scéime Teanga*

Réitigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an Scéim seo faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Forálann an tAcht, d'fhonn úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát, ar chomhlachtaí poiblí Scéim reachtúil a réiteach ina sonrófar na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar

- Trí mheán na Gaeilge amháin
- Trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

Réitíodh an Scéim seo de réir Treoirlínte na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D'fhoilsigh Comhairle Chontae na Gaillimhe fógra faoi Alt 13 ag cuardach aighneachtaí maidir le réiteach na dréacht Scéime ó pháirtithe leasmhara. Réitíodh an Scéim ag cur na n-aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara san áireamh, mar aon le seantaithí na mblianta de chuid na Comhairle ar éileamh ar sheirbhísí d'ard-chaighdeán trí Ghaeilge agus mianta an phobail ina leith seo, a chur san áireamh freisin. Tá an Chomhairle thar a bheith buíoch as tuairimí agus tacaíocht na ndaoine agus na n-eagraíochtaí a chuir an strus orthu féin a gcuid mianta/roghanna a chur in iúl i réiteach an phlean seo.

## *1.2 Ábhar agus Cuspóirí na Scéime Teanga*

Aithníonn an Chomhairle gur féidir le baill den phobal a dtuairimí agus riachtanais a léiriú níos fearr ina rogha teanga féin, agus gur dea-chleachtas é ceadú don phobal a rogha teanga a úsáid. Le feidhmiú na Scéime seo tá an Chomhairle tiomanta de chultúr dátheangach a chur chun cinn nuair a bhíonn siad ag déileáil le custaiméirí agus a seirbhísí ar fad a sholáthar trí Ghaeilge ar bhealach céimiúil thar shraith Scéimeanna.

Is é bun-chuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Scéime seo ná soláthar níos mó de sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ón tseirbhís phoiblí ar chaighdeán níos airde. Féachtar sin a bhaint amach leis an scéim seo i bhfianaise an taithí a bhain le Dara Scéim na Comhairle a fheidhmiú agus féachtar le leanacht agus cur leis na cuspóirí mar is cuí. Leagtar amach ann tiomantas thar ceann na Comhairle agus na foirne cur leis na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair agus aithnítear ann réimsí a bhféadfaí cur leo amach anseo.

Tháinig an chéad Scéim Teanga i bhfeidhm ar an 23 Lúnasa 2005 agus bhí dara scéim ann le héifeacht ón 6 Bealtaine 2014 tar éis don Choimisinéir Teanga athbhreithniú deiridh a dhéanamh air i gcomhthéacs próiseas foirmiúil athbhreithnithe agus, maidir le saincheisteanna a bhain le cur i bhfeidhm na ngealltanas a bhí ann sna scéimeanna sin, déileáladh leo ar bhonn leanúnach i rith an ama lena mbaineann.

Tagann an Scéim le Prionsabail na Seirbhísí Custaiméirí ar Ardchaighdeán mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí. Déanann an scéim soiléiriú ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin agus na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe a ndéanfar iarracht mónatóireacht a dhéanamh agus feabhas a chur orthu nuair is indéanta laistigh den Scéim.

Curtha san áireamh freisin tá suíomhanna díláraithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus na leibhéil éilimh agus comhthéacs éagsúla ina bhfeidhmíonn na hOifigí Ceantair. Tá fócas dírithe ar na hoifigí a sholáthraíonn seirbhísí chuig ceantair Ghaeltachta. Aithníonn an Comhairle freisin an éilimh atá ar sheirbhísí d'ard chaighdeán trí Ghaeilge atá ag pobail labhartha Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht lena n-áirítear Gaelscoileanna, scoileanna Gaeilge, eagrais Ghaeilge agus lucht labhartha na Gaeilge atá breactha ar fud an Chontae.

Áirítear sa Scéim freisin tiomantas measúnú agus spreagadh a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an éileamh a bheidh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus chun a chinntiú go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtaine. Is trí iniúchtaí a dhéanamh trí chóras comhairimh/tomhais ar an leibhéal fiosruithe/iarrataí trí Ghaeilge thar thréimhse áirithe a dhéanfar an measúnú ar éilimh. Is trí phoiblíocht agus léiriú ar iontaofacht na seirbhísí nua a sholáthraítear trí Ghaeilge ag tráthanna éagsúla a dhéanfar an t-éileamh sna seirbhísí a spreagadh.

### *1.2.1 Léirmhíniú*

Sa Scéim seo, ach amháin mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt–

| | |
|---|---|
| "Acht" | - ciallaíonn sé seo Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003; |
| "Teanga" | - ciallaíonn sé seo "na teangacha oifigiúla" a chiallaíonn an Ghaeilge (ós í an teanga Náisiúnta agus an phríomhtheanga oifigiúil í) agus an Bhéarla (ós teanga oifigiúil eile é) mar a shonraítear in Airteagal 8 den Bhunreacht; |
| "Seirbhís" | - ciallaíonn sé seo seirbhís arna tairiscint nó arna soláthar (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach) ag an gComhairle don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne; |
| "Comhairle" | - ciallaíonn sé seo Comhairle Chontae na Gaillimhe; |
| "Scéim" | - ciallaíonn sé seo Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019-2022 faoi Alt 15 den Acht mar atá daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; |
| "Beart" | - ciallaíonn sé bearta nó tiomantais na scéime de réir Alt 11(1)(b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. |
| "Gaeltacht" | - ciallaíonn sé limistéar ar cinneadh roimh an Acht seo a rith le hordú arna dhéanamh faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 gur limistéar Gaeltachta é agus a lean de bheith ina limistéar den sórt sin le halt 7(1) d'Acht na Gaeltachta 2012 agus aon Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta a ainmnítear le hordú faoi alt 7(2) chun bheith ina Limistéar Pleanála in Acht na Gaeltachta 2012; |
| "Logainm" | - folaíonn sé seo ainm aon chúige, contae, cathrach, baile, sráidbhaile, barúntachta, paróiste nó baile fearainn, nó ainm aon ghné tíre (nádúrtha nó saorga), dúiche, limistéir nó áite, mar a thaispeántar ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. |

### *1.3 Dáta Tosaigh na Scéime Teanga*

Tá an scéim seo comhaontaithe agus deimhnithe idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá tús feidhmeach ag an scéim le héifeacht ó 09 M. Fómhair 2019 agus tagann in áit na Scéime roimhe sin. Beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhua Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

### *1.4 Comhthéacs agus Paraiméadair na Scéime*

Tá cur i bhfeidhm na Scéime don tréimhse 2019-2022 i gcomhréir leis an gcur chuige a glacadh maidir leis na scéimeanna a bhí ann roimhe seo.

Tá an timpeallacht dheacair oibriúcháin, mar a bhí leagtha amach sa scéim roimhe seo, ann i gcónaí agus tá an timpeallacht oibriúcháin sin, mar aon le heasnamh acmhainní thar thréimhse fhada, tar éis tionchar a imirt ar ár gcumas chun ár gcuid clár oibre go léir a chur i bhfeidhm. Ós rud é nach bhfuil sé de chumas ag an gComhairle an líon foirne a mhéadú, ní cheadaítear ach folúntais a thagann chun cinn anois a líonadh agus, dá ainneoin sin, fágtar folúntais shealadacha gan líonadh i gcuid mhór cásanna amhail folúntais a bhíonn ann mar thoradh ar shaoire mháithreachais. D’ainneoin chineál statach an líon foirne iarbhír, tá cuid mhór gluaiseachta foirne ann idir na haonaid éagsúla, agus chuig an eagraíocht agus uaithi, rud a fhágann go bhfuil leibhéal neamh-inmhianaithe ann maidir le hathrú foirne laistigh d’aonaid agus tá tionchar suntasach aige sin ar oibríochtaí agus ar bhaint amach spriocanna agus cuspóirí i leith na gclár go léir, agus an scéim seo san áireamh. Go háirithe, d’fhéadfadh na hathruithe suntasacha ar an bhfoireann de bharr riachtanais oibriúcháin tionchar dearfach nó tionchar diúltach a bheith acu ar ár gcumas chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge mar thoradh ar athruithe dosheachanta ar acmhainneacht. Sa tuarascáil ón nGrúpa Comhairleach Saineolaithe ar Athchóiriú an Rialtais Áitiúil i nGaillimh, rinneadh breithniú cúramach ar na saincheisteanna go léir a bhaineann leis an Rialtas Áitiúil i nGaillimh agus tarraingíodh aird ar an leibhéal íseal acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna mar chúis shuntasach le srian a bheith ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe. I gcás ina ndéantar earcaíocht, ní mór feidhmiú i gcomhréir leis na cáilíochtaí atá leagtha síos ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le poist. Leanfaidh na heasnaimh acmhainní agus na srianta airgeadais atá ann de thionchar a imirt ar chumas na Comhairle freastal ar éilimh ó thaobh leibhéal seirbhíse de agus imreoidh siad tionchar ar gach réimse oibriúcháin.

# Cuid 2: Seirbhísí Ginearálta/Gníomhaíochtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe

## *2.1 Léargas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe*

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001, is bunchuspóir de chuid an Údaráis Áitiúil é fóram a chuir ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil agus chun ceannaireacht cathartha a chuir ar fáil don phobal. Chomh maith leis sin tá an cúram ar an údarás áitiúil réimse seirbhísí a sholáthar don phobal chomh maith le feidhmeanna rialaithe agus smachtaithe. San áireamh sna cúraim tá pleanáil, dearadh agus tógáil áiseanna tábhachtacha infreastruchtúir. Is í coimeádaí na timpeallachta í agus féachann sí le forbairt inmharthana an Chontae a chur chun cinn trína polasaithe fad is a chuireann sí lena féiniúlacht gnó, eacnamaíoch, sóisialta, ealaíne, oidhreachta agus cultúrtha.

De réir chóras rialtas áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí araon, tá ról ionadaíochta agus ról reachtaíochta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus í ag feidhmiú mar údarás áitiúil. Déanann tríocha naoi ionadaí as 5 thoghcheantar ról ionadaíochta an údaráis a chur i gcrích trí chóras *feidhmithe coinnithe* áit a leagann siad amach an creatl do pholasaí faoina bhfeidhmíonn an Fhoireann Bainistíochta. Déanann Grúpa Polasaí Corparáideach agus cúig Choiste Polasaí Straitéiseach tograí polasaí a chur le chéile agus a aontú lena mbreithniú ag an gComhairle iomlán. Tá na CPS déanta suas de Chomhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha / earnálacha a dhéanann athbhreithniú ar agus a leagann síos polasaithe do réimse feidhmeanna na Comhairle. Gníomhaíonn Foireann Bhainistíochta, atá déanta suas de Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí Seirbhísí agus Gníomhaire Dlí le héifeacht fheidhmeach.

Is é ráiteas misin na Comhairle ná:

**Ceannaireacht shibhialta agus ionadaíocht dhaonlathach éifeachtach a sholáthar, agus a bheith chun tosaigh ag an am céanna i bhforbairt phobail, chultúir, shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe agus seirbhísí atá comhordaithe, éifeachtach agus ar a bhfuil luach ard a sheachadadh, agus iad dírithe ar lán-acmhainneacht Contae na Gaillimhe a bhaint amach.**

## *2.2 Príomhghníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil*

Tá freagracht ag 4 Stiúrthóireacht agus Aonad Airgeadais as réimse de sheirbhísí arna seachadadh ag an údarás áitiúil a sholáthar.

**TITHÍOCHT**
Is é cuspóir na Rannóige Tithíochta ná cóiríocht fheiliúnach tithíochta a sholáthar agus seirbhís tithíochta thacúil a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil cúnamh de dhíth orthu. Déanann Rannóg iarracht a chur ar chumas líon tí cáilithe áitreabh socheannaithe de cháilíocht mhaith a fháil, a bhíonn feiliúnach dá riachtanais, i dtimpeallacht mhaith agus chomh fada agus is féidir ina rogha modh sealbhaíochta.

**INFREASTRUCHTÚR AGUS OIBRÍOCHTAÍ**
Tá an tAonad Infreastruchtúir agus Oibríochtaí freagrach as dearadh, cothú agus feabhsúchán líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil ar fud an Chontae. Déileálann sé freisin le hábhair a bhaineann le bonneagar Mara, Sábháilteacht ar Bhóithre agus Draenáil Airtéireach. Cuspóir an Aonaid ná bóithre, cuanta agus céanna sábháilte agus éifeachtach a sholáthar do ghluaiseacht daoine agus earraí, laistigh de pholasaithe iompair comhtháite agus inmharthana. Cuirtear na feidhmeanna sin i gcrích in oifigí na Comhairle in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, agus sna hOifigí Bardasacha agus sna hOifigí Ceantair éagsúla ar fud an Chontae. Leanann an Chomhairle de ról a bheith aici maidir le seirbhísí uisce agus dramhuisce a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil sa Chontae faoi théarmaí Comhaontú Leibhéil Seirbhíse idir an Chomhairle agus Uisce Éireann.

**PLEANÁIL, TIMPEALLACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA**
Is é aidhm na Rannóige Pleanála tacú le forbairt laistigh den chontae agus í a chur chun cinn ionas go mbeidh a gcuid custaiméirí ábalta cónaí i bpobail bhríomhara ina mbíonn meas ar éagsúlacht cultúir agus ina spreagtar í, ina mbeidh gach duine in ann a bheith páirteach i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir agus ina mbeidh teacht ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus infreastruchtúir. Ar an Aonad seo freisin atá an fhreagracht oidhreacht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta a chosaint tríd an bpróiseas pleanála. Tá soláthar timpeallachta glaine folláine, ina ndéantar forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú, ina phríomhchúram de chuid na Rannóige Timpeallachta. Tá ról láidir forfheidhmiúcháin ag an Rannóg i ndáil le bainistíocht dramhaíola agus cosaint na timpeallachta, de bhreis ar fhaireachán a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an timpeallacht fhoirgnithe, agus an timpeallacht sin a chosaint. Is í an Chomhairle an tÚdarás Dóiteáin don Chontae ar fad lena n-áirítear an Chathair agus feidhmítear na bearta sábháilteachta dóiteáin iomchuí.

**ACMHAINNÍ DAONNA**
Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne Acmhainní Daonna ná tacú le Bainisteoirí Líne agus le Fostaithe chun cuspóirí gnó agus corparáideacha na Comhairle Contae a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil; timpeallacht oibre dearfach a chur chun cinn; pleanáil lucht oibre a bhainistiú, oiliúint agus forbairt foirne, foireann a earcú, polasaithe agus nósanna imeachta reachtúla agus

neamhreachtúla a bhaineann le leas foirne a sholáthar; caidrimh thionsclaíoch sheasmhacha a choinneáil agus timpeallacht oibre thacúil, chomhairleach agus chothrom a choinneáil.

**FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE & POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA**

Tá ról tábhachtach ag an Rannóg Pobail agus Fiontair maidir le tacú le forbairt pobail, idirghníomhú an phobail le seirbhísí údaráis áitiúil, le Forbairt Eacnamaíochta agus Turasóireachta, le hUilechuimsitheacht Shóisialta, leis na hEalaíona, Cultúr agus Spórt. Cuimsítear réimse leathan seirbhísí de chuid na Comhairle sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha ó Thacaíocht Chorparáideach go Seirbhísí Leabharlainne, Iniúchadh Inmheánach, Seirbhísí Dlí agus tacaíocht don Chomhairle i bhfoirm Rúnaíocht Chorparáideach. Cuireann an Rannóg seirbhísí díreacha ar fáil don phobal i réimsí mar áineas agus fóntais, Saoráil Fainéise agus Clár na dTogthóirí. Is freagrach de chuid na Rannóige seo freisin an Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt laistigh den údarás áitiúil agus sa Chontae.

**AIRGEADAS**

Tá an tAonad Airgeadas comhdhéanta de Rannóg na gCóras Faisnéise agus an Rannóg Mótarchánach. An fheidhm atá ag an Aonad ná a chinntiú go ndéantar na hidirbhearta airgeadais go léir ar bhealach cuntasach agus inaistrithe agus córais a chur i bhfeidhm ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach acmhainní airgeadais na Comhairle. Tá impleachtaí airgeadais ag gníomhaíochtaí uile na Comhairle agus is í feidhm lárnach na Rannóige Airgeadais ná bainistiú airgead na Comhairle.

## *2.3 Struchtúr na Comhairle*

Tá príomhoifigí na Comhairle lonnaithe in Áras an Chontae agus i Centrepoint in Eastát Tionsclaíoch Leasa Bháin i gCathair na Gaillimhe.

Tá 8 n-oifig ceantair lonnaithe ar fud an Chontae. Tá na hoifigí sin lonnaithe sna láithreacha seo a leanas: An Clochán, An Cheathrú Rua, Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach, An Gort, Port Omna agus Tuaim. Tá na hoifigí ar an gCeathrú Rua lonnaithe i gceantar Gaeltachta.

Síneann gréasán na mbrainsí leabharlainne chuig 29 láthair siad sin An Cheathrú Rua, An Spidéal, Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Baile Bán, Béal Átha an Ghártha, An Clochán, An Dún Mór, Dún an Uchta, Gleann na Madadh, Cathair na Gaillimhe, An Gort, Áth Cinn, Inis Bó Finne, Inis Meáin, Inis Oírr, Cill Íomair, Cill Rónáin, An Líonán, Leitir Fraic, Baile Locha Riach, Maigh Locha, Órán Mór, Uachtar Ard, Port Omna, Cloch na Rón, Tuaim, Iarthar Chathair na Gaillimhe, An Ghráig. Tá leabharlann soghluaiste ag feidhmiú ar fud an chontae.

Tá ceanncheathrú agus brainse Chathair na Gaillimhe freagrach as na seirbhísí leabharlainne agus tá sé lonnaithe i gCathair na Gaillimhe. Tá brainsí leabharlainne na Ceathrún Rua, An Spidéil, Inis Meáin, Inis Oírr agus Chill Rónáin, lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus tá réimsí fhorleathana Gaeltachta ina limistéar feidhme ag leabharlanna Uachtar Ard, Cloch na Rún, An Clochán, agus Órán Mór.

Tá Stáisiúin Dóiteáin lonnaithe i 11 cheantar ar fud an Chontae. Siad sin An Cheathrú Rua, Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Cathair na Gaillimhe, An Gort, Inis Mór, Baile Locha Riach, An Creagán, Port Omna agus Tuaim. Soláthraíonn na stáisiúin dóiteáin sa Cheathrú Rua, sa Chlochán, i gCathair na Gaillimhe agus in Inis Mór seirbhís do na ceantair Ghaeltachta.

Tá suas le 800 d’fhoireann fostaithe ar bhonn lán-aimseartha nó páirtaimseartha ag an gComhairle le foireann oifige agus foireann taobh amuigh san áireamh, 71 sna seirbhísí leabharlainne agus 113 breise mar chomhraiceoir dóiteáiní ar áirithíocht.

### *2.4 Custaiméirí agus Cliaint*

- Pobal iomlán Chontae na Gaillimhe
- Ranna Rialtais
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla eile
- Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
- Baill Tofa
- Foireann na Comhairle
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail / Earnálacha Deonacha agus Gnó
- Na Meáin Náisiúnta agus Áitiúla
- Comharchumainn, Comhairlí agus Grúpaí Pobail
- Eagraíochtaí AE
- Fóraim Pobail
- Comhlachtaí LEADER
- Comhpháirtithe Sóisialta agus grúpaí ionadaíocha Earnálacha

### *2.5 Measúnú ar sheirbhísí reatha trí Ghaeilge*

Tá na seirbhísí sainiúla seo a leanas ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge agus tá siad ar fáil trí Bhéarla má bhíonn siad ag teastáil/á lorg.

- Oifigeach Forbartha na Gaeilge;
- Seirbhísí Mótarchánach ar an gCeathrú Rua;
- Seirbhísí Bolscaireachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre;
- Seirbhísí Teicneora Timpeallachta Sinsearach;
- Idirchaidreamh Tithíochta i gConamara;
- Seirbhísí ag leibhéal na Bainistíochta san Aonad Bóithre
- Seirbhís ó Mhaor Pobail i Limistéar Innealtóireachta Chonamara Theas
- Seirbhísí leabharlainne sa Spidéal, An Cheathrú Rua, Cill Rónáin, Inis Meáin & Inis Oírr;

Tá cuid áirithe de na seirbhísí sainiúla seo a leanas ar fáil go dátheangach.

- Seirbhísí Leabharlainne i Westside & Leabharlann Ceanncheathrú.
- Cruinnithe le hEagraíochtaí/Gníomhaireachtaí Gaeilge
- Oifigí Ealaíon & Oidhreachta
- Cruinnithe agus Cuntair Phoiblí Pleanála
- Cuntar Poiblí Seirbhísí Corparáide
- Seirbhísí Mótarchánach in Áras an Chontae
- Cuntair Phoiblí Tithíochta in Áras an Chontae;
- Cuntar Poiblí Bóithre in Áras an Chontae;
- Seirbhísí Feasachta Timpeallachta;
- Seirbhísí Forbartha Pobail i gConamara.
- Seirbhísí Dóiteáin i gConamara & ar Oileáin;

Tá bróisiúir, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais na Comhairle ar fáil go dátheangach faoi láthair agus forálann cuid shuntasach díobh den chaoi a dtosaítear agus a seachadtar seirbhísí.

## Cuid 3: Bearta na Scéime

***Beart 3.1 Bróisiúir/Bileoga Eolais*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Leanfar de bhróisiúir/bhileoga eolais a tháirgeann an Chomhairle a bheith i nGaeilge amháin nó go dátheangach san aon doiciméad amháin agus stádas comhionann tugtha don dá theanga ach go bhféadfadh a bheith i mBéarla amháin más rud é go mbaineann siad le tionscnamh atá sonrach don Bhéarla.
- I gcásanna eisceachtúla mura mbíonn sin praiticiúil mar gheall ar theicniúlacht nó méid na mbróisiúr/na mbileoga eolais, féadfar leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh a chur ar fáil. Beidh fáil orthu go comhuaineach agus tabharfar tábhacht chomhionann don dá leagan agus beidh ráiteas orthu ag deimhniú go bhfuil an bróisiúr/bileog eolais ar fáil freisin sa teanga eile.
- Sa chás ina bhfuil leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh de bhróisiúir/de bhileoga eolais á soláthar ag an gComhairle, cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar tábhacht chomhionann don dá leagan ag gach ionad poiblí agus go mbeidh teacht chomh réidh céanna ar an leagan Gaeilge is a bheidh ar an leagan Béarla.   Cuirfear custaiméirí ar an eolas go gníomhach go bhfuil leagan Gaeilge ar leithligh ar fáil i bhfoirm ráiteas cuí ar an leagan Béarla den cháipéis agus ar aon bhealach eile a chinneann an Chomhairle a bheith cuí.
- I gcás bróisiúir/bileoga eolais a bhíonn in úsáid ag an gComhairle nó a sholáthraíonn sí, agus ar comhlacht eile seachas an Chomhairle a tháirgeann iad, leanfar le leaganacha i nGaeilge amháin agus leaganacha dátheangacha a lorg go gníomhach. Leanfar de bhróisiúir/bhileoga eolais i nGaeilge agus i mBéarla amháin ar leithligh, den chineál seo, a dháileadh in éineacht sa phost nó thar an gcuntar, nuair a chuirtear an dá leagan ar fáil don Chomhairle arna n-iarraidh, agus sa chás is go bhfaightear amach gurb í an Ghaeilge rogha teanga an chustaiméara, ní eiseofar ach an bróisiúr/bhileog eolais i nGaeilge áit a bhfuil an bróisiúr/na bileoga eolais i nGaeilge curtha ar fáil don Chomhairle arna n-iarraidh.

***Beart 3.2  Cumarsáid Scríofa*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite***

- Leanfaidh an Chomhairle ag fáiltiú roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla. Leanfar de ráiteas caighdeánach a bheith curtha san áireamh ar pháipéar ceannteidil, ar dhuillín dea-mhéine, ar sheánadh ríomhphoist, ar láithreán gréasáin, ar fhógraí poiblí srl. na Comhairle a deir go bhfáiltítear roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla – 'Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge'.
- Leanfar ag tabhairt admháil (i gcás go mbíonn gá leis) ar chomhfhreagras a gheobhaidh an Chomhairle i dteanga na litreach bunaidh. Má bhíonn gá le comhfhreagras breise leanfar de sa teanga chéanna.
- Ní bheidh aon mhoill mhíchuí le comhfhreagras a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge. Tabharfar freagra ar gach comhfhreagras laistigh den spriocthréimhse atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí.
- Leanfar le comhfhreagras tar éis comhrá teileafóin nó duine le duine trí Ghaeilge, a bheith i nGaeilge mura léiríonn an duine den phobal a mhalairt.  Feidhmeoidh sé seo chomh maith san áit ina ndearbhaítear gurb í an Ghaeilge rogha teanga an chustaiméara, cé go bhféadfadh sé nár tionóladh an cruinniú/comhrá teileafóin trí mheán na Gaeilge.
- Beidh comhfhreagras ghinearálta a thionscnaíonn an Chomhairle leis an bpobal i gceantar Gaeltachta, nó le duine aonair, le grúpa, le scoil, le Gaelscoil nó le heagraíocht a bhfuil a fhios go n-úsáideann siad Gaeilge de ghnáth nó gur fearr leo sin a dhéanamh, trí Ghaeilge go ginearálta nó d'fhéadfadh a bheith dátheangach má iarrtar sin nó má mheastar gur gá sin a dhéanamh.

- I rith seirbhísí ó lá go lá, eiseofar ciorcláin agus litreacha caighdeánacha don phobal go dátheangach de réir Alt 9(3) den Acht.
- Leanfar den chleachtas reatha de lárliosta a choinneáil de dhaoine aonair, de ghrúpaí, de scoileanna, de Ghaelscoileanna agus d'eagraíochtaí a bhfuil a fhios gur fearr leo cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge.

***Beart 3.3 Foirmeacha Iarratais*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite***

- Leanfar d'fhoirmeacha iarratais agus an t-ábhar mínithe atá ag gabháil leo a tháirgeann an Chomhairle féin a bheith i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla in aon doiciméad amháin, trí úsáid a bhaint as teimpléad caighdeánach, ach féadfaidh a bheith i 'mBéarla amháin' má bhaineann siad le tionscnamh atá sonrach don Bhéarla.
- I gcásanna eisceachtúla mura mbíonn sin praiticiúil mar gheall ar theicniúlacht nó méid na ndoiciméad, féadfar leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh a chur ar fáil. Beidh fáil orthu go comhuaineach agus tabharfar tábhacht chomhionann don dá leagan agus beidh teachtaireacht ann a dheimhneoidh go bhfuil an fhoirm ar fáil sa teanga eile.
- Sa chás ina bhfuil leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh d'fhoirmeacha iarratais agus den ábhar míniúcháin a théann leo á soláthar ag an gComhairle, cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar tábhacht chomhionann don dá leagan ag gach ionad poiblí agus go mbeidh teacht chomh réidh céanna ar an leagan Gaeilge is a bheidh ar an leagan Béarla. Cuirfear custaiméirí ar an eolas go gníomhach go bhfuil leagan Gaeilge ar leithligh ar fáil i bhfoirm ráiteas cuí ar an leagan Béarla den cháipéis agus ar aon bhealach eile a chinneann an Chomhairle a bheith cuí.
- Beidh ráiteas soiléir ar foirmeacha iarratais dátheangach a tháirgeann an Chomhairle féin ag fáiltiú an fhoirm a líonadh i nGaeilge.
- Déanfaidh an Chomhairle gach dícheall a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge a bhíonn in úsáid i bhfoirmeacha inléite agus éasca le tuiscint agus fós aird á thabhairt ar chruinneas maidir le litriú caighdeánach agus ar ghramadach.
- I gcás foirmeacha iarratais a bhíonn in úsáid ag an gComhairle nó a sholáthraíonn sí, arna tháirgeadh ag comhlacht eile seachas an Chomhairle, leanfar d'fhoirmeacha i nGaeilge amháin nó foirmeacha dátheangacha a lorg go gníomhach. Beidh teacht chomhionann ar fhoirmeacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh den chineál seo agus déanfar iad a dháileadh in éineacht sa phost nó thar an gcuntar sa chás is go gcuirtear an dá leagan ar fáil don Chomhairle arna n-iarraidh agus sa chás is go bhfaightear amach gurb í an Ghaeilge rogha teanga an chustaiméara, ní eiseofar ach an fhoirm Ghaeilge sa chás is gcuirtear an fhoirm iarratais Ghaeilge ar fáil don Chomhairle arna iarraidh.

***Beart 3.4 Preaseisiúintí agus Ráitis*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Tabharfar aird ar bhearta na Scéime seo in aon pholasaí Cumarsáide a réitíonn an Chomhairle i rith réiteach an pholasaí.
- Sa chás is go mbíonn eolas ar rogha teanga baill sonracha den phreas nó de na meáin, leanfar ag tabhairt aitheantais don rogha teanga sin ar a n-áireofar freagraí ar fhiosruithe meán ar leith agus ar iarratais ar ráitis.
- Eiseofar gach preasráiteas a bhaineann le ceisteanna Contae, le ceantair Ghaeltachta agus le hábhair a bhaineann leis an nGaeltacht nó an Ghaeilge go dátheangach.
- Féachfaidh an Chomhairle a chinntiú go mbeidh fáil ar líon dóthanach urlabhraithe a bhfuil Gaeilge acu, le húdarás dóthanach, chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin ar aon ábhair Comhairle nuair a bhíonn gá leis agus ag an am céanna cinnteoidh sí nuair a thugtar

ainmneacha teagmhála ar phreaseisiúintí/ráitis maidir le tuilleadh eolais a fháil go gcuirfear oifigeach ar fáil a bheidh ábalta an t-eolas a sholáthar i nGaeilge nó i mBéarla.

***Beart 3.5 Foilseacháin*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Leanfar de fhoilseacháin dhátheangacha na Comhairle a bheith laistigh den chlúdach céanna de réir an tsárchleachtais seachas amháin nuair nach mbíonn sé praiticiúil de bharr méid an doiciméid áit a fhoilseofar iad de réir Alt 10 den Acht.
- Sa chás go mbíonn foilseachán le táirgeadh go dátheangach, glacfar leis nach mbeidh an doiciméad réidh lena fhoilsiú go dtí go mbeidh fáil ar na leaganacha sa dá theanga.
- Leanfar de na doiciméid atá á bhfoilsiú go dátheangach faoi láthair ag an gComhairle ach nach bhfuil clúdaithe ag Alt 10 den Acht a fhoilsiú do dátheangach.
- Foilseofar doiciméid a bhaineann go sonrach le ceantar Gaeltachta i nGaeilge amháin nó go dátheangach.
- Leanfar de dhoiciméid de chineál teicniúil a fhoilsiú i mBéarla amháin ach amháin i gcás go mbíonn leas forleathan don phobal ann nó go mbíonn tábhacht áitiúil leis an doiciméad don Ghaeltacht agus sa chás sin cuirfear leagan dátheangach nó achoimre i nGaeilge ar fáil.
- Má bhíonn muirear le gearradh ar fhoilseachán dátheangach, ní bheidh an muirear sin níos mó ná an muirear a bheadh ann ar dhoiciméad i dteanga amháin i gceachtar teanga oifigiúil.
- Beidh an Ghaeilge a úsáidfear i bhfoilseacháin a bhaineann le ceantair Ghaeltachta inléite agus éasca le tuiscint ach aird á thabhairt ar chruinneas maidir le litriú caighdeánach agus gramadach.
- Tá struchtúr pleanáilte ag an gComhairle do riachtanais aistriúcháin na Comhairle lena n-áirítear úsáid a bhaint as aistritheoirí seachtracha.

***Beart 3.6 Láithreán Gréasáin, Seirbhísí Ar Líne & TF*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Beidh láithreán gréasáin na Comhairle, www.gaillimh.ie / www.galway.ie, go hiomlán dátheangach, beidh feidhmiúlacht chomhionann aige agus beifear in ann athrú go hiomlán idir teangacha.
  - Déanfar ábhar a chuirfear leis an láithreán gréasáin a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga, trí úsáid a bhaint as próiseas córais cheadaithe agus beidh gach aonad freagrach as ábhar a sholáthar sa dá theanga. I gcásanna éigeandála ina gcaithfear ábhar a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin láithreach agus go bhféadfaidh nach mbeadh seirbhís aistriúcháin ar fáil láithreach, is féidir ábhar a fhoilsiú i mBéarla amháin agus an leagan Gaeilge dhá leanacht laistigh den chéad lá oibre ina dhiaidh sin.
  - Foilseofar doiciméid, foilseacháin, miontuairiscí, bróisiúir, fógráin srl. atá ar fáil go dátheangach ar an láithreán gréasán i bhformáid dátheangach. Foilseofar doiciméid, foilseacháin, miontuairiscí, bróisiúir, fógráin srl. nach bhfuil aon tiomantas ann iad a fhoilsiú go dátheangach ar an láithreán gréasáin sa mbunteanga amháin.
  - Féadfar cur i láthair, óráidí srl. a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin sa teanga ina dtugtar iad. Má tá tábhacht shuntasach áitiúil nó poiblí san ábhar breithneofar achoimre nó leagan eile a thabhairt sa teanga eile.
- Tá forbairt déanta ar leathanach baile/leathanach tuirlingte na Comhairle tríd www.gaillimh.ie / www.galway.ie le rogha ag úsáideoirí leanúint orthu i nGaeilge via www.gaillimh.ie nó trí Bhéarla via www.galway.ie agus leanfar le feidhmiúlacht comhionann a bheith ag an dá leagan agus beidh an t-ábhar ar fad in-idirmhalartaithe idir www.gaillimh.ie /www.galway.ie

- Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh ábhar seasta ar aon láithreán gréasáin nua a thugtar isteach le linn shaol ré na scéime seo, a bhaineann le feidhmeanna sonracha na n-údarás áitiúil agus a mbeadh smacht iomlán ag an gComhairle ar an láithreán gréasáin agus an t-ábhar air, dátheangach.
- Beidh comhéadan iomlán dátheangach do chustaiméirí mar chuid de chórais nua nó cláir nua a fhorbróidh an Chomhairle go hinmheánach nó a cheannaítear go díreach. Cuirfear i bhfeidhm go comhuaineacha iad agus beidh siad ábalta an Ghaeilge a láimhseáil.
- Beidh seirbhísí nua idirghníomhacha a fhorbróidh an Chomhairle go hinmheánach go hiomlán dátheangach agus cuirfear i bhfeidhm go comhuaineach iad.
- Déanfar seirbhísí idirghníomhacha reatha a d'fhorbair an Chomhairle go hinmheánach agus nach bhfuil an comhéadan do chustaiméirí dátheangach ann a dhéanamh go hiomlán dátheangach le linn an chéad nuashonrú eile laistigh de shaol ré na scéime seo.
- Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh ar chumas gach printéir srl. an Ghaeilge a láimhseáil arna n-athsholáthar
- Leanfaidh an Chomhairle ag riaradh gaeilge@cocogaillimh.ie agus á chur chun cinn mar sheoladh ríomhphoist cineálach do gach fiosrúchán i nGaeilge.
- Leanfaidh an Chomhairle ag baint úsáid ghníomhach as an teicneolaíocht chun feabhas ar chur ar sholáthar seirbhís dátheangacha.
- Leanfar den chuid Ghaeilge d'Inlíon na Comhairle a leathnú mar thacaíocht agus mar acmhainn don fhoireann.
- Tá an ráiteas caighdeánach trína gcuirtear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge san áireamh ar leathanach baile láithreán gréasáin na Comhairle, mar aon le lógó, "Gaeilge agus Fáilte", i mbuntásc an láithreáin gréasáin.

***Beart 3.7 Cumarsáid Teileafóin*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Tá, a mhéid agus is féidir, uimhir/seirbhís teileafóin tiomanta Gaeilge dóibhsean ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge, bunaithe ag an gComhairle.
- Mura mbíonn fáil ar chainteoir Gaeilge/ar an gcainteoir Gaeilge, laistigh den réimse seirbhíse iomchuí, míneoidh an té a ghlacfaidh an glaoch an scéal go cúirtéiseach agus tógfaidh siad ainm, uimhir agus mionsonraí fiosrúchán an ghlaoiteora agus cinnteoidh go nglaofaidh cainteoir Gaeilge ón gComhairle ar ais. Ní dhéanfar sin ach amháin más féidir a chinntiú gur féidir glaoch ar ais laistigh de dhá uair an chloig nuair a bheadh cainteoir Gaeilge ar an áitreabh nó, ar a mhéid, laistigh de lá amháin oibre. Sin nó tabharfar an rogha don té a bhíonn ag glaoch go nglaofar ar ais orthu i nGaeilge ag ball foirne eile nó go leanfar leis an gcomhrá i mBéarla de réir na tréimhsí ama céanna.
- Nuair a bheidh poiblíocht á dhéanamh ar uimhreacha teileafóin, cinnteoidh an Chomhairle go bhfoilsítear uimhir mhalartach cuí don tseirbhís Ghaeilge chomh maith.
- Beidh eolaire de chainteoirí Gaeilge a bheidh toilteanach déileáil le glaonna Gaeilge laistigh den Chomhairle lánpháirtithe san eolaire teileafóin inmheánach mar threoir don fhoireann ar mian leo glaonna a aistriú go dtí cainteoirí Gaeilge. Tacóidh aonaid le líonraí tacaíochta inmheánacha chun an tseirbhís a éascú.
- Leanfaidh fáilteoirí/oibrithe lasc-chláir in oifigí Gaeltachta de a bheith go hiomlán inniúil ar dhéileáil le cainteoirí líofa Gaeilge agus is i nGaeilge amháin a fhreagrófar glaonna gutháin sna hoifigí sin agus féadfar leanúint den ghlaoch i rogha teanga an chustaiméara ina dhiaidh sin.

**Beart 3.8 Seirbhísí Cuntair** **Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.**

- Fáiltíonn an Chomhairle i nGaeilge nó i mBéarla roimh dhaoine a thagann chuig a hoifigí agus cuirfear sin in iúl don phobal. Caithfear go cúirtéiseach agus go comhionann le gach custaiméir a thagann isteach chuig a hoifigí, ag tabhairt aitheantas do rogha teanga an chustaiméara lena n-áirítear úsáid chuí a bhaint as beannachtaí simplí i nGaeilge agus de réir phrionsabail Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí, i gcomhréir lenár gCairt agus Cód Iompair do Chustaiméirí, atá le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.
- Cinnteoidh an Chomhairle go bhfuil agus go mbeidh na struchtúir mar atá leagtha amach sa Scéim i bhfeidhm ionas go mbeidh gach seirbhís cuntair ina hionad oifige in Áras an Chontae agus i Centrepoint ar fáil go hiomlán dátheangach chun déileáil le cainteoirí Gaeilge. Déanfaidh an Chomhairle poiblíocht shoiléir ar struchtúir dá leithéid i bhfoirm fógraí poiblí iomchuí ag ionaid soláthair seirbhísí.
- Cuirfear seirbhís cuntair i nGaeilge ar fáil ar bhonn struchtúrtha dátheangach i bpríomhoifigí na Comhairle mar seo a leanas:
    - Má bhíonn fáil ar chainteoir Gaeilge/an gcainteoir Gaeilge atá ábalta an tseirbhís a iarrtar i nGaeilge a chur ar fáil, cuirfear seirbhís i nGaeilge ar fáil.
    - Mura mbíonn fáil ar chainteoir Gaeilge/an gcainteoir Gaeilge atá ábalta an tseirbhís a iarrtar i nGaeilge a chur ar fáil, míneoidh an té a bheidh ag déileáil leis an gcustaiméir an scéal go cúirtéiseach agus cuirfidh in iúl don chustaiméir cén uair a bheidh cainteoir Gaeilge ar fáil (ní dhéanfar sin amach amháin má bhíonn cainteoir Gaeilge ar fáil laistigh d'am réasúnach) nó mar mhalairt tabharfar na roghanna seo a leanas don chustaiméir:
        - Am ar leith a shocrú a mbeidh cainteoir Gaeilge i láthair.
        - Féadfaidh an custaiméir, más mian leo, leas a baint as an rogha leanúint den chomhrá i mBéarla. *Ní thabharfar an tairiscint leanúint leis an gcomhrá i mBéarla ach amháin sa chás is go dtairgtear na rogha ar fad mar atá leagtha amach thuas don chustaiméir agus go ndiúltaíonn sé/sí iad.*
- Sa chás is go mbeadh Ionaid Seirbhísí Réigiúnacha ag feidhmiú go hiomlán laistigh de shaol ré na Scéime seo beidh sé mar chuspóir a chinntiú:
    - Maidir le hIonaid Seirbhísí Réigiúnacha nach bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir feidhme, beidh duine amháin den fhoireann ar a laghad inniúil ar sheirbhísí údaráis áitiúil a thabhairt i gcrích trí Ghaeilge.
    - Maidir le hIonaid Seirbhísí Réigiúnacha a bhfuil ceantair Ghaeltachta in limistéar feidhme beidh beirt ar a laghad den fhoireann inniúil ar sheirbhísí údaráis áitiúil a thabhairt i gcrích trí Ghaeilge.
    - Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh an cumas ag aon Ionad Seirbhísí Réigiúnach atá suite i gceantar Gaeltachta gach ceann de sheirbhísí cuntair an ionaid a sholáthar trí Ghaeilge.
    - Cinnteoidh an Chomhairle go gcomhlíonfar ceanglais áirithe Gaeilge a bhaineann le soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta in aon Ionad Seirbhísí Réigiúnach a bhfuil ceantar Gaeltachta laistigh dá limistéar feidhme.
- Glacfaidh an fhoireann go héasca agus go beacht i nGaeilge le mionsonraí custaiméirí agus ní iarrfar ag tráth ar bith ar chustaiméirí a gcuid sonraí a aistriú go Béarla. Sa chás is go dtuigtear/go bhfaightear amach gur Gaeilge rogha teanga an chustaiméara agus go bhfuil a gcuid mionsonraí i mBéarla ar an gcóras/mbunachar sonraí iomchuí srl atá in úsáid, comhairleofar don chustaiméir maidir le rogha ceadú a thabhairt a gcuid mionsonraí a athrú go Gaeilge trí na sásraí cuí.
- Leanfar de chomhfhreagras mar thoradh ar idirbheart cuntair ina mbíonn rogha teanga an chustaiméara dearbhaithe a bheith sa teanga sin fiú má rinneadh an t-idirbheart sa teanga eile.

***Beart 3.9 Cruinnithe Poiblí/Cruinnithe leis an bPobal*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Leanfar de fháilte a chur roimh rannpháirtíocht i nGaeilge nó i mBéarla ag cruinnithe leis an bpobal, eagraithe ag an gComhairle nó thar ceann na Comhairle.
- Ar chruinniú a eagrú le cliant má dhearbhaítear gur í an Ghaeilge rogha teanga an chliaint, leanfaidh an Chomhairle dena chinntiú go mbeidh socruithe i bhfeidhm chun úsáid na Gaeilge ag an gcliant a éascú.
- Má bhí déileáil roimhe sin leis an gcliant trí Ghaeilge glacfar leis gur trí Ghaeilge a bheidh teanga an chruinnithe agus aon teagmháil ina dhiaidh sin.
- Má bhíonn an cruinniú ann agus gan dóthain ama ann chun socrú a dhéanamh go gcasfadh oifigeach dátheangach leis an gcliant, míneofar an cás go cúirtéiseach don chliant agus mura n-éilítear go mbeadh oifigeach ar leith i láthair, tabharfar an rogha dó nó di: 1) coinne eile a shocrú le hoifigeach a labhraíonn Gaeilge, 2) tríú páirtí a labhraíonn Gaeilge a bheith ag an gcruinniú má tá a leithéid ar fáil, 3) an comhrá a thionól i mBéarla.
- Gheofar amach cén teanga is fearr leis an gcliant sula socraítear cruinniú sa teach/lasmuigh den oifig. Glacfar leis go huathoibríoch gurb í an Ghaeilge an rogha teanga i gceantar Gaeltachta. Cinnteoidh an Chomhairle gur cainteoirí Gaeilge a bheidh sna hoifigigh a fhreastalaíonn ar chruinnithe le daoine aonair a bhfuil a fhios gurb í an Ghaeilge a rogha teanga mura riachtanas é go mbeadh oifigeach ar leith i láthair.
- Leanfar le cruinnithe poiblí, tionólta ag an gComhairle nó thar ceann na Comhairle ag tríú páirtí, sa Ghaeltacht, nó a bhíonn ag déileáil le ceisteanna sonracha Gaeltachta, a stiúradh trí Ghaeilge. D'fhéadfaí aistriúchán comhuaineach a sholáthar dá mba ghá.
- Fiafrófar roimh ré cén teanga is fearr le daoine a bheidh ag freastal ar chruinniú poiblí trína iarraidh orthu a rogha teanga a dhearbhú san fhógra den chruinniú. I gcás nach mbíonn sé sin sonraithe san fhógra den chruinniú d'fhéadfaí glacadh leis go mbeidh fáilte roimh úsáid na Gaeilge ag an gcruinniú.
- Tabharfar ugach don Chathaoirleach nó do dhuine amháin, ar a laghad, de na príomhchainteoirí an Ghaeilge a úsáid go hoifigiúil ag gach cruinniú leis an bpobal a eagraíonn an Chomhairle nó a eagraítear thar a ceann.
- Déanfar socruithe go mbeidh an pobal ábalta a rogha teanga, Gaeilge nó Béarla, a úsáid ag cruinnithe poiblí nuair a bhíonn an rogha teanga sin ar an eolas.
- Nuair a bheidh gá leis, cuirfidh an Chomhairle trealamh aistriúcháin so-iompartha ar fáil ag gach cruinniú leis an bpobal a eagraíonn an Chomhairle nó a eagraítear thar ceann na Comhairle ag suímh nach bhfuil trealamh aistriúcháin buan suiteáilte iontu.
- Cuirfear in iúl ag tús an chruinnithe go bhfuil saoráidí d'aistriúchán comhuaineach á soláthar agus glacfar cúram lena chinntiú go mbíonn struchtúr inrochtaine agus soiléir ann chun cluasáin a dháileadh, ag cinntiú go mbaintear úsáid cheart astu agus go mbíonn siad ag obair go héifeachtach.
- Nuair a shocróidh an Chomhairle cruinnithe le heagraíochtaí a oibríonn i nGaeilge de ghnáth, tionólfar an cruinniú i nGaeilge. Féadfar aistriúchán comhuaineach a sholáthar de réir mar atá gá leis.
- Sa chás go mbíonn a fhios gur cainteoirí Gaeilge iad tromlach na rannpháirtithe ag aon chruinniú, nó gur ó eagraíochtaí Gaeilge iad, déanfaidh an Chomhairle socruithe chun foirne oibre a eagrú ionas go mbeidh fostaí a labhraíonn Gaeilge nó go mbeidh fáil ar fhostaí a labhraíonn Gaeilge ag an gcruinniú a stiúrfar i nGaeilge.

- Cinnfidh oifigeach cuí cibé an bhfuil gá le saoráidí d'aistriúchán comhuaineach nó eile do chruinnithe poiblí, le haird ar na fachtóirí thuas agus eile lena mbaineann. Áirítear orthu sin ábhar nó cuspóir an chruinnithe, a shuíomh, na daoine is dócha a bheidh i láthair agus aon réamhfhógra maidir le rogha teanga.

***Beart 3.10 Comhairliúchán*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Déanfar gach comhairliúchán a stiúrann an Chomhairle, nó a stiúrtar thar a ceann, a stiúradh go dátheangach nó i mBéarla nó i nGaeilge, de réir rogha an té a rachfar i gcomhairle leis nó léi. Áirítear leis sin comhairliúcháin le geallsealbhóirí seachtracha m.sh. áititheoirí, úsáideoirí seirbhíse, gnólachtaí, eagraíochtaí deonacha, eagraíochtaí comhpháirtíochta agus Comhairlí Baile agus Pobail.
- Foilseofar ceistiúcháin, doiciméid chomhairliúcháin agus an fhaisnéis a ghabhann leo go dátheangach agus beidh rochtain chomhionann ag an dream a rachfar i gcomhairle leo orthu.
- Tabharfar an rogha do gheallsealbhóirí a bheith páirteach in agallaimh, grúpaí díospóireachta nó fóraim idirghníomhacha i mBéarla nó i nGaeilge. In imthosca eisceachtúla nuair nach féidir sin a dhéanamh cuirfear aistriúchán comhuaineach ar fáil.
- Nuair a bheidh comhairliúchán á phleanáil, breithneofar ar chóir dul i gcomhairle le cainteoirí Gaeilge nó cainteoirí Béarla mar spriocghrúpa sainiúil.
- Má bhítear ag tabhairt faoi aiseolas a bhailiú ar an bpróiseas comhairleoireachta go ginearálta, áireofar san aiseolas dearbhú maidir le an bhfuil éagsúlacht ag baint le sástacht cainteoirí Gaeilge le hais cainteoirí Béarla sa phobal.
- Má tá gníomhaireacht sheachtrach le comhairliúchán a dhéanamh, beidh na ceanglais thuas san áireamh sa mhionteagasc agus sa chonradh iomchuí idir an Chomhairle agus an ghníomhaireacht.

***Beart 3.11 Íomhá Chorparáideach, Comharthaí, Bearta Ginearálta*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Is é ainm na Comhairle ná Comhairle Chontae na Gaillimhe / Galway County Council.
- Bainfear úsáid as teidil Ghaeilge baill tofa agus oifigigh na Comhairle nuair is féidir. m.sh. Méara, Comhairleoirí, Príomhfheidhmeannach, Rúnaí Contae etc. agus déanfar an úsáid sin a chéimniú go dtí gurb é an leagan Gaeilge amháin a bheidh in úsáid le comhaontú na bpáirtithe cuí.
- Áit a mbíonn ainm na Comhairle ar éidí agus ar shuaitheantais chéannachta leanfar de a bheith i nGaeilge.
- Leanfar de téacs ar lógó reatha na comhairle agus aon lógó nua a fhorbrófar de bheith i nGaeilge amháin.
- Is i nGaeilge amháin a bheidh comharthaí a chuirfidh an Chomhairle suas i gcomharsanacht Gaelscoile nó i gcomharsanacht scoile a oibríonn trí mheán na Gaeilge.
- In imthosca áirithe féadfar siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta a úsáid in áit Béarla ar chomharthaí i gceantair Ghaeltachta.
- Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh an téacs ar gach comhartha cruinn, intuigthe, soiléir agus go ndéanfar é a sheiceáil ó thaobh cruinnis.
- Éascóidh agus spreagfaidh an Chomhairle aon bhaile/sráidbhaile/pobal laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht ar mhian leo comharthaí a bheith i nGaeilge amháin ina gceantar.

- Beidh comharthaí a éilíonn cead ón gcomhairle lena chur suas go hiomlán dátheangach. Is i nGaeilge amháin a bheidh na comharthaí sin sa Ghaeltacht. Ceadóidh an Chomhairle nó saineolaí teanga cuí litriú/cruinneas an téacs.
- Beidh coinníollacha ag gabháil le ceadanna pleanála a dheonaíonn an Chomhairle i gceantair Ghaeltachta gur i nGaeilge amháin a bheidh an chomharthaíocht bhuan ar fad, taobh amuigh agus taobh istigh, ar fhorbairtí den sórt sin, lena n-áirítear le linn na céime tógála agus caithfidh litriú/cruinneas an téacs a bheith ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí.
- Beidh coinníollacha ag gabháil le ceadanna pleanála tráchtála a dheonaíonn an Chomhairle lasmuigh den Ghaeltacht gur comharthaí i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheadh i ngach comhartha buan, taobh istigh agus taobh amuigh, de na forbairtí sin agus caithfidh an litriú/cruinneas an téacs a bheith ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí.
- Leanfar d'fhorbairtí cónaitheacha nua a ainmniú i nGaeilge mar choinníoll de chead pleanála. Beidh an fhreagracht ar choiste logainmneacha na Comhairle ainmneacha den sórt sin a scrúdú agus a roghnú de réir a théarmaí tagartha, dul i gcomhairle le Craobh Logainmneacha na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta más gá agus tar éis na logainmneacha atá cheana ann, stair agus oidhreacht áitiúil an cheantair a bhreithniú.
- Déanfar glacadh le hainmneacha Gaeilge ar shráideanna, bóithre, gnéithe nua a chur chun cinn agus déanfar comhairliúchán cuí chun ainm sráide, bóthair etc a shainmhíniú. Is é Coiste Logainmneacha na Comhairle a bheidh freagrach as seo.
- I gcás forbairtí stairiúla, ainmneacha sráide, bóithre, logainmneacha agus gnéithe geografacha, arb é díreach an litriú atá de dhifríocht idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla d'ainm agus de shráid, glacfar leis an bhfoirm Ghaeilge mar an t-aon fhoirm. I ngach cás go mbíonn dhá leagan d'ainmneacha in úsáid, is é an leagan Gaeilge a bheidh ar dtús agus in uachtar.
- Bainfidh an Chomhairle úsáid as An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 chun críocha oifigiúla agus úsáidfear é mar réamhshocrú i ngach bunachar sonraí agus comhfhreagras de chuid na Comhairle.
- Cinnteoidh an Chomhairle go gníomhach go comhlíonfaidh sí, ar a laghad ar bith, an ról íosta reachtúil agus na dualgais a thugtar di in aon reachtaíocht i ndáil leis an nGaeilge agus féachfaidh sí go seasta le dul os cionn agus níos faide ná an ról sin. m.sh. Achtanna um Pleanáil agus Forbairt, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht na Gaeltachta 2012 srl.
- Cinnteoidh an tseirbhís leabharlainne go méadófar an méid leabhar Gaeilge a bheidh ar fáil ina aonaid agus do scoileanna go leanúnach.

***Beart 3.12 Polasaithe agus Tionscnaimh Nua*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Measúnóidh an Chomhairle iarmhairtí teanga aon pholasaithe, straitéisí nó tionscnamh nua faoina úinéireacht nuair a bhítear á gceapadh, agus an tionchar a bheidh acu ar an nGaeilge laistigh de sheirbhís agus i bpobail sa Ghaeltacht agus sa Chontae ina iomláine le súil is mbeidh sin mar lón eolais nuair a bheidh scéimeanna teanga eile á n-ullmhú.
- Beidh polasaithe agus tionscnaimh nua ag teacht leis an Scéim agus ní bhainfidh siad an bonn di agus cuirfidh chun cinn agus éascóidh úsáid na Gaeilge nuair is féidir; ní dhéanfaidh siad díobháil d'Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta ach beidh gné chur chun cinn acu nuair is féidir agus féachfaidh leis an gComhairle a thabhairt níos gaire do phrionsabal an chomhionannais teanga a fheidhmiú gach deis a bhíonn aici.
- Cuirfear an fhoireann agus na comhchomhairleoirí a bhíonn páirteach i gceapadh polasaí ar an eolas faoin Scéim agus faoi oibleagáidí na heagraíochta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

- Déanfar athbhreithniú ar na polasaithe atá cheana ann agus má thagann faoi théarmaí tagartha dhíreach na Comhairle athrófar iad má mheastar gur gá sin a dhéanamh le theacht le forálacha na Scéime seo.

***Beart 3.13 Seirbhísí a thugtar i gcrích thar ceann na Comhairle*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Forálfaidh na nósanna imeachta caighdeánacha chun déileáil le tríú páirtithe a thugann seirbhísí i gcrích don phobal i gcomhar leis an gComhairle, nó thar a ceann, dá chinntiú go gcuirfear an Scéim seo agus a ceanglais, mar aon le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus aon rialacháin a dhéantar faoin Acht, san áireamh.
- Beidh foráil i ndoiciméid, i dtairiscintí, i gconarthaí, i gcomhaontuithe agus i gcoinníollacha deontais etc. do sheirbhísí a thabhairt i gcrích de réir na Scéime seo. I gcás go mbíonn teagmháil leis an bpobal i gceist, iarrfar ar ghníomhairí nó conraitheoirí a lua mar a thabharfar na seirbhísí sin i gcrích trí Ghaeilge.
- I gcleachtas, athróidh na sonraíochtaí de réir na seirbhíse atá á soláthar thar ceann na Comhairle, mar gheall ar an gcineál teagmhála idir an conraitheoir agus an pobal nuair a chuirtear na seirbhísí ar fáil, agus mar gheall ar na tiomantais atá ag an Scéim Ghaeilge agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i ndáil le teagmháil den chineál sin.
- Nuair a bheidh an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile cuirfidh sí an Scéim Teanga in iúl do na páirtithe go léir agus cinnteoidh go gcuirfear na bearta atá sa scéim i bhfeidhm sa chás is go bhfuil sé sin faoi smacht na Comhairle. Nuair is féidir, spreagfaidh agus neartóidh an Chomhairle úsáid na Gaeilge, polasaithe dátheangacha agus Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta, agus cuirfidh sí chun cinn iad, nuair a bhíonn socruithe den sórt sin ann.

***Beart 3.14 An Ghaeltacht*** ***Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite.***

- Is i nGaeilge amháin nó go dátheangach a bheidh aon chomhfhreagras ginearálta (tvuíteanna san áireamh) a thionscnóidh an Chomhairle leis an bpobal i gceantar Gaeltachta, ach amháin i gcásanna éigeandála, nuair is gá teachtaireacht a chur amach mar ábhar práinne agus nach bhfuil duine ar fáil ag an am chun aistriúchán Gaeilge a sholáthar in am.
- Déanfar preasráitis a bhaineann le ceantar Gaeltachta, ábhar Gaeltachta nó an Ghaeilge a fhoilsiú go dátheangach.
- Leanfar de dhoiciméid a bhaineann go sonrach le ceantar Gaeltachta a fhoilsiú i nGaeilge amháin nó go dátheangach.
- Beidh an Ghaeilge a bheidh in úsáid i bhfoilseacháin a bhaineann leis an nGaeltacht inléite agus éasca le tuiscint le haird ar chruinneas maidir le litriú caighdeánach agus gramadach. Bainfidh sé sin le foirmeacha iarratais freisin
- Beidh fáilteoirí/oibrithe lasc-chláir in oifigí lonnaithe sa Ghaeltacht lán-inniúil ar dhéileáil le cainteoirí líofa Gaeilge agus freagrófar glaonna teileafóin sna hoifigí seo ag úsáid beannachtaí i nGaeilge amháin agus féadfar leanúint leis an nglaoch i rogha teanga an chustaiméara ina dhiaidh sin.
- Sa chás is go mbeadh Ionaid Seirbhísí Réigiúnacha ag feidhmiú go hiomlán laistigh de shaol ré na Scéime seo beidh sé mar chuspóir a chinntiú:
    - Maidir le hIonaid Seirbhísí Réigiúnacha nach bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir feidhme, beidh duine amháin den fhoireann ar a laghad inniúil ar sheirbhísí údaráis áitiúil a thabhairt i gcrích trí Ghaeilge.
    - Maidir le hIonaid Seirbhísí Réigiúnacha a bhfuil ceantair Ghaeltachta in limistéar feidhme beidh beirt ar a laghad den fhoireann inniúil ar sheirbhísí údaráis áitiúil a thabhairt i gcrích trí Ghaeilge.

  - Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh an cumas ag aon Ionad Seirbhísí Réigiúnach atá suite i gceantar Gaeltachta gach ceann de sheirbhísí cuntair an ionaid a sholáthar trí Ghaeilge.
  - Cinnteoidh an Chomhairle go gcomhlíonfar ceanglais áirithe Gaeilge a bhaineann le soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta in aon Ionad Seirbhísí Réigiúnach a bhfuil ceantar Gaeltachta laistigh dá limistéar feidhme.
- Is i nGaeilge amháin a fheidhmeoidh córais fógraíochta poiblí a úsáidfidh an Chomhairle, nó a úsáidfear thar ceann na Comhairle, ina áitreabh nó in aon áit eile i gceantar Gaeltachta.
- Gheofar amach cén teanga is fearr leis an gcliant sula socraítear cruinniú sa teach. Glacfar leis go huathoibríoch gurb í an Ghaeilge an rogha teanga i gceantar Gaeltachta. Cinnteoidh an Chomhairle gur cainteoirí Gaeilge a bheidh sna hoifigigh a fhreastalaíonn ar chruinnithe le daoine aonair a bhfuil a fhios gurb í an Ghaeilge a rogha teanga mura riachtanas é go mbeadh oifigeach ar leith i láthair.
- Leanfar le haon chruinniú poiblí, tionólta ag an gComhairle nó thar ceann na Comhairle ag tríú páirtí, sa Ghaeltacht, nó a bhíonn ag déileáil le ceisteanna sonracha Gaeltachta a stiúradh trí Ghaeilge. D'fhéadfaí aistriúchán comhuaineach a sholáthar dá mba ghá.
- In imthosca áirithe, féadfar siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta a úsáid in áit Béarla ar chomharthaí i gceantair Ghaeltachta.
- Éascóidh agus spreagfaidh an Chomhairle aon bhaile/sráidbhaile/pobal laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht ar mhian leo comharthaí a bheith i nGaeilge amháin ina gceantar.
- Is i nGaeilge amháin a bheidh aon chomharthaíócht a éilíonn cead ón gComhairle lena chur suas sa Ghaeltacht.
- Beidh coinníollacha ag gabháil le haon chead pleanála a dheonaíonn an Chomhairle i gceantair Ghaeltachta gur i nGaeilge amháin a bheidh an chomharthaíocht bhuan ar fad, taobh amuigh agus taobh istigh, ar fhorbairtí den sórt sin, lena n-áirítear le linn na céime tógála agus caithfidh litriú/cruinneas an téacs a bheith ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí.
- Bainfidh an Chomhairle úsáid as An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 chun críocha oifigiúla agus úsáidfear é mar réamhshocrú i ngach bunachar sonraí agus comhfhreagras de chuid na Comhairle
- Faoi 2020 is í an Ghaeilge a bheidh mar theanga oibre in aon oifigí Comhairle a bheidh suite sa Ghaeltacht nach bhfuil ag feidhmiú ar an tslí sin faoi láthair.
- Sa chás is go neartódh an Chomhairle na seirbhísí a sholáthraítear ó Oifigí na Ceathrún Rua, agus go gcuirfeadh sí leo, beidh na seirbhísí sin de réir na Scéime seo.
- Cinnteoidh an Chomhairle go gníomhach go mbeidh gach gné dá cuid oibre a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach don Ghaeltacht i nGaeilge agus aird á thabhairt aici ar oidhreacht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta agus nach mbeidh éifeacht dhíobhálach aici ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail ach go gcuirfear chun cinn í agus go spreagfar í.
- Measúnóidh an Chomhairle iarmhairtí teanga aon pholasaithe, straitéisí nó tionscnamh nua faoina úinéireacht nuair a bhítear á gceapadh, agus an éifeacht a bheidh acu ar an nGaeilge laistigh de sheirbhís agus i bpobail sa Ghaeltacht agus sa Chontae ina iomláine le súil is mbeidh sin mar lón eolais nuair a bheidh scéimeanna teanga eile á n-ullmhú.
- Ní dhéanfaidh polasaithe agus tionscnaimh nua díobháil d'Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta agus beidh gné chur chun cinn acu nuair is féidir.
- Nuair a bheidh an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile cuirfidh sí an Scéim Teanga in iúl do na páirtithe go léir agus cinnteoidh go gcuirfear na bearta atá sa scéim i bhfeidhm sa chás is go bhfuil sé sin faoi smacht na Comhairle. Nuair is féidir,

spreagfaidh, neartóidh agus cuirfidh an Chomhairle chun cinn úsáid na Gaeilge, polasaithe dátheangacha agus Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta, ar gach bealach iomchuí.

## Cuid 4: Feidhmiú & Monatóireacht

### *4.1 Freagracht & Riarachán*

An Príomhfheidhmeannach a bheidh freagrach as feidhmiú, monatóireachta agus athbhreithniú foriomlán na Scéime seo. Stiúrthóirí Seirbhísí agus gráid den chineál sin a bheidh freagrach as an Scéim a chur i bhfeidhm ina rannóga/Stiúrthóireachtaí féin agus maidir le dul chun cinn ar fheidhmiú a thuairisciú ar a laghad uair sa bhliain. Éileofar ar gach stiúrthóireacht/rannóg Plean Gnímh a ullmhú nó mionsonraí ar na gníomhartha a bheidh de dhíth chun a chinntiú go ndéantar ceanglais na Scéime a chur i bhfeidhm a áireamh ina bplean gnímh bliantúil chomh maith le spriocdhátaí a thagann leis na spriocdhátaí a leagtar amach sa Scéim seo. Féadfar Oifigeach Sinsearach laistigh de gach Stiúrthóireacht/Rannóg a ainmniú chun freagracht a ghlacadh maidir le feidhmiú na Scéime laistigh den Stiúrthóireacht/rannóg. Ainmneofar Oifigeach Sinsearach laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha chun feidhmiú na Scéime a chomhordú thar ceann na heagraíochta ar fad, chun comhairle a chur ar fáil ar cheanglais gach rannóg de réir mar is gá agus chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Comhairle ceanglais na Scéime a bhaint amach agus tuairisc a thabhairt don Bhainistíocht ar na nithe sin.

### *4.2 Oiliúint*

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a chinntiú go n-éireoidh leis an Scéim seo. Aithníonn sé dá bhrí sin an tábhacht a bhaineann le hoiliúint Ghaeilge dá fostaithe. Aithnítear freisin go gcaithfear an oiliúint a chur in ord tosaíochta lena chinntiú go mbíonn na fostaithe sin a bhíonn ag an gcéad phointe teagmhála le háititheoirí an Chontae ar mian leo Gaeilge a úsáid oilte le bheith muiníneach in úsáid na teanga. Baineann sé seo le fostaithe 'líne tosaigh' a mbíonn orthu freagra a thabhairt go rialta, ó bhéal agus i scríbhinn, ar iarrataí, fiosruithe, tuairimí agus gearáin.

**Tabhair ar Aird: Tá sé thar a bheith soiléir sa Scéim seo cé go spreagfar fostaithe le tabhairt faoi leibhéal cuí oiliúna i nGaeilge nach mbeidh aon iallach ná comhéigean orthu sin a dhéanamh.**

Leanfaidh an Chomhairle de mhuinín agus inniúlacht fhoireann agus Chomhairleoirí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina scileanna dátheangacha a ardú, agus a gcumas an Ghaeilge a úsáid ó bhéal agus i scríbhinn a mhéadú chun tacú le húsáid níos leithne scileanna dátheangacha i riarachán na Comhairle, agus chun an úsáid sin a éascú, ionas go bhféadfar fónamh don phobal go dátheangach. Féachann an Chomhairle cur lena chumas seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge trí chlár oiliúna a chur ar fáil dá mbaill foirne. Rinne an Chomhairle ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla, e.g. tosaitheoirí agus idirmheánach, a eagrú ar bhonn leanúnach i rith thréimhse na scéime roimhe seo agus ghlac baill foirne de chuid rannóga éagsúla san údarás áitiúil páirt sna ranganna sin. Tá sé de rogha ag baill foirne i gcónaí cúrsa Theastas Eorpach na Gaeilge agus cúrsaí Gaeilge éagsúla a dhéanamh. Leanfaidh an Chomhairle de ranganna Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéil éagsúla, agus béim ar leith ar Ghaeilge chomhráiteach.

Sa chomhthéacs sin:

- Spreagfar an fhoireann le freastal ar chúrsaí cuí atá dírithe ar úsáid na Gaeilge leis an bpobal ag an obair a éascú, de réir riachtanais a bpost.
- Féachfaidh an Clár Oiliúna Gaeilge lena chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as am agus acmhainní. Spreagfar foghlaimeoirí Gaeilge le freastal ar ranganna cuí. D'fhéadfadh siad sin a bheith ina ranganna áitiúla arna n-eagrú ag an

Údarás laistigh den lá oibre, nó más oiriúnaí sin a bheith ina ranganna tráthnóna nó ina ndianchúrsaí seachtaine/deireadh seachtaine

- Déanfar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí.
- Cinnteoidh an rannóg T.F. go suiteálfar aon bhogearraí nua tacaíochta Gaeilge 1) dóibh sin a iarrann é 2) ar gach Ríomhaire atá ann cheana agus ar gach Ríomhaire nua i leathadh amach pleanáilte.
- Soláthróidh aonaid/rannóga cóipeanna de na foclóirí cuí dá bhfoireann.
- Coinneofar an gá atá le hoiliúint a chur ar fáil trí Ghaeilge faoi athbhreithniú agus méadófar an méid oiliúna a thugtar de réir mar a éileoidh inniúlacht/riachtanais.
- Fiosróidh an Chomhairle an fiúntas a bhaineann le hoiliúint agus tacaíocht iomchuí a sholáthar d’oifigigh a bheidh ag baint níos mó úsáide as a scileanna dátheangacha chun úsáid bhogearraí aistriúcháin sa Chomhairle a leathnú.
- Leanfaidh an Chomhairle de thacaíocht Ghaeilge a sholáthar don fhoireann i rannóg Gaeilge Inlíon na Comhairle le leabhráin de nathanna cainte, téarmaíocht, litreacha teimpléid, fógraí, foirmeacha etc.
- Spreagfar Oifigigh atá ag foghlaim Gaeilge í a úsáid gach uair a bhfaigheann siad deis gan easpa muiníne nó cleachtaidh a bheith ag cur isteach orthu. D’fhéadfaí maidineacha caife, Ciorcail Comhrá agus imeachtaí eile a eagrú chun tacú leis an bhfoireann atá ag foghlaim Gaeilge ina leith sin.
- Spreagfar daoine den fhoireann agus Comhairleoirí atá in ann cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge úsáid níos leithne a bhaint as an teanga ó bhéal agus i scríbhinn san áit oibre agus cúnamh agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann ar eol dóibh go bhfuil siad ag foghlaim Gaeilge maidir le húsáid na Gaeilge san áit oibre.
- Cinnteoidh an Chomhairle go gcuirfear oiliúint Feasachta agus Íogaireachta Gaeilge ar fáil do na rannóga go léir.
- Fiosróidh an Chomhairle an deis a bheith páirteach i Líonraí Oiliúna Gaeilge d’Údaráis Áitiúla go náisiúnta nó go réigiúnach.
- Spreagfaidh an Chomhairle agus más féidir cabhróidh le comhlachtaí gairmiúla in Éirinn a sholáthraíonn cúrsaí oiliúna chun cúrsaí a fhorbairt a chabhródh i bhfeidhmiú Scéimeanna Teanga in údaráis áitiúla ar fud na tíre.
- De réir mar a bhíonn gá leis de bharr feabhsú ar sheirbhísí i nGaeilge agus mar gheall ar an ngá le scileanna dátheangacha a bheith ag an bhfoireann, spreagfaidh an Chomhairle comhlachtaí gairmiúla a sholáthraíonn cúrsaí oiliúna in Éirinn cúrsaí a thabhairt trí mheán na Gaeilge.

## *4.3 An Fhoireann agus Earcú*

Deir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go ndéanfaidh comhlacht poiblí a bhíonn ag ullmhú dréacht Scéim ‘a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach dá fhoireann inniúil sa Ghaeilge chun go mbeidh siad in ann a sheirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla’. Sin lena chur ar chumas na Comhairle na seirbhísí a gheallann sí a sholáthar go dátheangach sa Scéim seo nó in imeacht sraith scéimeanna a thabhairt i gcrích ag teacht le prionsabail na seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí. Tá an Chomhairle tiomanta seirbhísí a sholáthar atá éifeachtach agus ar chaighdeán maith dá cainteoirí Gaeilge. Chun sin a bhaint amach admhaíonn sí go gcaithfear líon dóthanach fostaithe a bhfuil Gaeilge acu agus a bheidh socruithe go straitéiseach a fhorbairt.

Chun na críche sin, déanfaidh an Chomhairle, i gcomhoibriú agus i gcomhar, nuair is cuí, leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, leis an bhfoireann agus lena gcomhlachtaí ionadaíochta athbhreithniú ar pholasaithe ar earcaíocht, suíomh agus oiliúint, agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad, leis an gcuspóir líon dóthanach foirne a oiliúint, a shuíomh agus a earcú a bheidh líofa chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, chun na tiomantais agus na cuspóirí a bhfuil tuairisc tugtha orthu sa Scéim seo a bhaint amach. Aithnítear na dúshláin a dtugtar aghaidh orthu le líon dóthanach foirne a earcú a bhfuil sainscileanna acu agus a bhfuil inniúlacht dhóthanach i nGaeilge acu agus caithfear an tionchar a bheidh aige ar fheidhmiú chuspóirí na Scéime a áireamh.

Ullmhóidh an rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle straitéis scileanna teanga a bheidh mar chuid d'aon Straitéis Acmhainní Daonna lena chinntiú go mbeidh foireann dóthanach a bheidh inniúil sa Ghaeilge ar fáil don Chomhairle.

Nuair a bheidh baill foirne atá inniúil i nGaeilge á n-earcú agus á lonnú cinnteoidh an Chomhairle go mbreithneofar go cuí poist atá lonnaithe i nó a bhaineann go sonrach le ceantair láidir agus bhríomhara Gaeltachta. De réir Bheartas an Rialtais agus ag féachaint d'fhéiniúlacht chultúir an Chontae, éascaíonn an Chomhairle agallaimh roghnacha trí mheán na Gaeilge mar chuid dá próiseas earcaíochta. I gcás na n-iarrthóirí a dhéanann an t-agallamh roghnach trí mheán na Gaeilge, is féidir méadú 3%/6%, i leith na marcanna a fhaightear san agallamh, a thabhairt dóibh i gcás ina léiríonn siad eolas réasúnta maith/an-mhaith ar an nGaeilge.

### *4.4 Monatóireacht & Athbhreithniú*

Tá cur síos déanta ar an bhfreagracht do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Scéime i gcuid 4.1. Déanfar an cur i bhfeidhm, gníomhú agus athbhreithniú ar dhul chun cinn éifeachtach a chur i gcrích trí ghnáthmhodhanna an Údaráis Áitiúil.

## Cuid 5: Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

Déanfar Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019-2022 a phoibliú ar na slite seo a leanas:

- Preasráiteas
- An Scéim a fhoilsiú ar Láithreán Gréasáin na Comhairle
- Scaipeadh chuig na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí

Déanfar poiblíocht trí na gnáthsholáthraithe meán / eolais ar na seirbhísí nua agus feabhsaithe trí Ghaeilge a thosaítear.
Cuirfear tuairiscí ar chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime mar atá leagtha amach roimhe seo ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle agus ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Chomh maith leis sin tapóidh na hÚdaráis Áitiúla gach deis ina gcuid déileálacha gach lá le custaiméirí poiblíocht a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí Ghaeilge agus iad a chur chun cinn lena n-áirítear:

- Custaiméirí a chur ar an eolas díreach ar bhonn forghníomhach faoin rogha atá acu déileáil leis an Údarás Áitiúil trí Ghaeilge, mar shampla, fógraí a chur ar chuntair phoiblí ag tabhairt le fios go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus liosta díobh a chur ar láithreán gréasáin na Comhairle;
- ráiteas a bheith ar fhoirmeacha iarratais ar leith agus ar an ábhar míniúcháin a théann leo ag míniú go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil freisin i nGaeilge (sa chás is nach gcuirtear ábhar clóite dátheangach ar fáil faoin gclúdach céanna); agus
- ráiteas a bheith ar fhoilseacháin agus ar fhógraí a bheadh ag déanamh poiblíochta ar sheirbhísí Údaráis Áitiúil ag fáiltiú roimh chustaiméirí déileáil leo i nGaeilge nuair a bhíonn seirbhísí dá leithéid ar fáil trí Ghaeilge.

Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.